



# 2021

## Tuarascáil Bhliantúil

**Uachtarán****Geraldine Tallon**

(Téarma Oifige críochnaithe Samhain 2021)

**Martin O'Halloran**

(Ceaptha Samhain 2021)

**Na Leas-Uachtaráin****Martin Fraser****Niamh O'Donoghue****Robert Watt****Baill an Bhoird****Fergal Lynch** (Cathaoirleach)**Marian O'Sullivan** (Ard-Stiúrthóir)**Elizabeth Adams****George Burke****Pamela Byrne****Greg Dempsey****Pat Gallagher****Attracta Halpin****Mary Hurley****David Moloney** (Ceaptha Aibreán 2021)**Stephen Mulvany****Pat Naughton****Stephen Weir** (Ceaptha Bealtaine 2021)**FOCHOISTÍ BOIRD****An Coiste Airgeadais agus Straitéise****Fergal Lynch** (Cathaoirleach)**Pamela Byrne****Greg Dempsey****Stephen Mulvany****Marian O'Sullivan****Stephen Weir****An Coiste Riaracháin****Pat Gallagher** (Cathaoirleach)**Elizabeth Adams****George Burke****Mary Hurley****David Moloney****An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca****Pat Naughton** (Cathaoirleach)**George Burke****Greg Dempsey****Attracta Halpin****COISTÍ AN IPA****An Coiste Oideachais****Moling Ryan** (Cathaoirleach)**Dermot Clynes****Kevin Foley****Brian Hackett****Aidan Horan****Damian Keely** (Ceaptha Eanáir 2021)**Lt Col Rory McCorley****Michael Mulreany****Príomh-Cheannfort Patrick Murray****Denis O'Brien****Eric Ó Cuinn****Doncha F. O'Sullivan****Marian O'Sullivan****Eileen Quinlivan** (Ceaptha Eanáir 2021)**John Ryan** (Téarma críochnaithe Eanáir 2021)**Coiste Foilsitheoireachta Leabhar****Dónal de Buitléir** (Cathaoirleach/Ceaptha 2021)**Maurice Manning** (Cathaoirleach/Chuaigh ar scor 2021)**Tom Fennell****John Fitzgerald****Attracta Halpin****Philip Hamell****Paul Haran****John O'Neill****Philomena Poole****Blathna Ruane****An Foras Riaracháin****57-61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath D04 TC62****T + 353 1 240 3600****F + 353 1 668 9135****information@ipa.ie****www.ipa.ie**

# Clár

---

|           |  |                                                          |    |
|-----------|--|----------------------------------------------------------|----|
| <b>01</b> |  | Tuairisc an Ard-Stiúrthóra agus Chathaoirleach an Bhoird | 4  |
| <b>02</b> |  | Oideachas                                                | 7  |
| <b>03</b> |  | Taighde                                                  | 9  |
| <b>04</b> |  | Oiliúint & Forbairt                                      | 12 |
| <b>05</b> |  | Seirbhís Leabharlainne & Faisnéise                       | 17 |
| <b>06</b> |  | Foilsitheoireacht                                        | 19 |
| <b>07</b> |  | Airgeadas & Seirbhísí Corparáideacha                     | 22 |
| <b>08</b> |  | Searmanais Bronnta                                       | 24 |
| <b>09</b> |  | For-rochtain                                             | 27 |
| <b>10</b> |  | Bainistíocht Shinsearach an Fhorais                      | 29 |

---

# 01

## Tuairisc an Ard-Stiúrthóra agus Chathaoirleach an Bhoird

---





## 01

# Tuairisc an Ard-Stiúrthóra agus Chathaoirleach an Bhoird



**An Dr Fergal Lynch**

Cathaoirleach



**An Dr Marian O'Sullivan**

An tArdstiúrthóir

**Bhunaigh grúpa seirbhíseach poiblí an Foras Riaracháin sa bhliain 1957. Shainnithin siad an gá le hoideachas gairmiúil agus oiliúint ghairmiúil a chur ar fhostaithe na hearnála poiblí in Éirinn agus chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht phoiblí agus ar cheapadh beartais.**

Tá an Foras ann chun tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn. Agus é faoi choimirce na Roinne Airgeadais ar dtús agus, ó 2011, na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá an IPA ag tacú le forbairt fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus san earnáil phoiblí in Éirinn agus thar lear le beagnach cúig bliana is trí fichid anuas.

Tá an IPA difriúil ó sholáthraithe oideachais agus oiliúna eile sa mhéid is go gclúdaíonn sé an earnáil phoiblí ar fad agus go nglacann sé cur chuige ilghnéitheach. Oibrímid leis an rialtas lárnach agus leis an rialtas áitiúil agus ar fud na rialtas sin, ag soláthar seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde, foilsitheoireachta agus comhairleoireachta.

Cinntíonn an cur chuige ilghnéitheach seo go gcuireann IPA léargas uathúil, uile-rialtais i bhfeidhm maidir lena ghníomhaíochtaí. Cuirimid seirbhísí ar fáil freisin don earnáil phobail agus dheonach, áit a n-idirghníomhaíonn siad leis an rialtas, agus do chliaint san earnáil phríobháideach ar mian leo tuiscint níos fearr a fháil ar an stát, ar a ról i sochaí na hÉireann, agus ar an riarachán poiblí.

Bhí tionchar suntasach, leanúnach ag géarchéim Covid-19 ar thimpeallacht oibriúcháin an Fhorais. In 2020 níorbh fhada go dtí gur bhunaigh an Foras grúpa straitéiseach Covid-19 ag leibhéal bainistíochta sinsearaí. Tháinig an grúpa seo le chéile go rialta chun cinneadh a dhéanamh ar bheartas an Fhorais maidir leis an ngéarchéim Covid-19 a bhí ag teacht chun cinn. Bhunaigh an bhainistíocht shinsearach Grúpa Oibre foirmiúil ar Sheirbhísí atá Bunaithe ar Theicneolaíocht freisin, a shainnithin na riachtanais do bhaill foirne, do mhic léinn agus do chliaint d'fhonn a chinntiú go leanfar le staidéir, oiliúint agus seirbhísí cliaint eile le linn 2021. Le linn na tréimhse seo d'oibrigh an IPA go príomha ar líne agus cuireadh in oiriúint é do riachtanais mac léinn, cliaint agus foirne.

Tugann an Tuarascáil Bhliantúil am chun machnamh a dhéanamh ar an méid a bhain an Foras amach in 2021. Lena chois sin tugann sí deis aitheantas a thabhairt do na hardleibhéil gairmiúlachta, saineolais, tiomantais agus d'obair chrúa atá déanta ag foireann den scoth agus ag Bord an IPA. Tá sé tábhachtach go ndéanfaimid ceiliúradh ar bhliain inar éirigh tharr barr leis an bhForas agus go dtabharfaimid aitheantas dó i gcúinsí an-dúshlánacha agus deacra. Mar thoradh

ar an gcumas gníomhú go cinntitheach agus go héifeachtúil go raibh an dúshlán a bhí roimh an bhfoireann maidir le bheith ag obair go cianda, mar aon le seachadadh clár agus scrúdúithe ar líne, á bhainistiú gan stró.

In 2021, mar chuid de phróisis dearbhairthe cáilíochta OÉ, rinne painéal saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta den scoth athbhreithniú mór institiúideach ar chur chun feidhme agus éifeachtacht an chórais um dhearbhu cáilíochta an IPA. Bhí toradh an athbhreithnithe sásúil agus chinn an painéal athbhreithnithe gur chomhlíon an IPA cuspoirí uile an athbhreithnithe. Ar bhonn an athbhreithnithe, d'fhaomh Seanad OÉ clár ag an IPA ar feadh seacht mbliana eile.

Thairg an Foras clár fochéime agus iarchéime ó leibhéal 6 go leibhéal 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Faigheann mic léinn a chláraíonn ar chlár oideachais cáilíochtaí creidiúnaithe ó OÉ. Ag searmanas bronnta bliantúil 2021, bronnadh diplómaí agus céimeanna ar 1,003 céimí. Bronnadh teastais ar 689 scoláire eile.

In 2021 tairgeadh seacht speisialtóireacht ar an mBaitsiléir Ealaíon (Onór.) agus ceathrar ar an mBaitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus diplóma idir Dhlí agus Staidéar Riomhaireachta agus idir Bhainistíocht Rialtais Áitiúil agus Sholáthar Poiblí. Tairgeadh dhá chlár nua, is é sin, an Diplóma Gairmiúil i Nuálaíocht san Earnáil Phoiblí agus an Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí. Ar an iomlán, bhí os cionn 1,380 mac léinn cláraithe ar ár gclár fochéime in 2021.

Tá bliain le chéile ag an chéad bhliain sa chlár Máistreachta Ealaíon an Fhorais agus dámhtar Diplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ar na rannpháirtithe ag deireadh a gcúrsaí. I mbliain a dó téann scoláirí ar aghaidh chuig ceann de sheacht réimse speisialtóireachta a roghnú. Ba é 226 an líon iomlán mac léinn a bhí cláraithe ar chlár Mháistreachta Ealaíon.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003 agus in 2021 bhí tríocha mac léinn cláraithe sna blianta den chlár dochtúireachta ar fad.

## 01 Tuairisc an Ard-Stiúrthóra agus Chathaoirleach an Bhoird

Sa bhliain 2021 ceapadh an Dr John O'Neill mar Stiúrthóir nua Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáridigh. Tá foireann bheag lánaimseartha thiomanta ag an IPA atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Chríochnaigh an IPA mórchlár taighde leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais uisce in Éirinn. Ba iad cuspóirí an chlár taighde dhá bhliain seo ná cabhrú le smaointeoireacht a threorú maidir leis an *River Basin Management Plan, 2022–2027* den tríú timthriall agus ceachtanna a foghlaimíodh ó shocruithe nua rialachais i leith uisce a roinnt le réimsí eile de sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tá sé seo ag teacht le cuspóir straitéiseach an IPA chun bonn eolais a chur faoi phlé, díospóireacht agus cleachtas ar threo reatha na seirbhíse poiblí agus ar a treo amach anseo. Foilsíodh *Public Sector Trends 2021*, an dara tuarascáil déag, sa tsraith, chomh maith.

Lena chois sin leanadh de shraith taighde 'Rialtais Áitiúil' an IPA i gcaitheamh na bliana, faoinar foilsíodh an tuarascáil seo a leanas:

- *Leading the Local Response to Covid-19: The Role of Local Government*  
le Laura Shannon agus Fergal O'Leary;

De réir na straitéise foilsitheoireachta, arna maoirsiú ag Coiste Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais, rinneadh roinnt téacsanna a chríochnú nó a fhaomhadh lena bhfoilsíú. Ina measc sin bhí:

- *Achieving Impact in Public Service: Essays in Honour of Sylva Langford*  
le Dónal de Buitléir (Eagarthóir);
- *City and County Management in Ireland, 1929–2022*  
le Richard Boyle agus Fergal O'Leary.

Tá *Ireland – A Directory* á fhoilsiú ag an IPA i gcónaí, le cúig bliana is trí fichid anuas. Meastar gurb é an Directory an bunachar sonraí is cuimsithí

in Éirinn ar eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá breis agus 9,000 eagraíocht luaite san Eolaire seo, atá ar fáil mar aip fóin nó mar aip deisce freisin.

Sa Rannán Oiliúna, lean an Foras air ag soláthar réimse leathan clár foghlama agus forbartha poiblí agus saincheaptha, chomh maith le sainseirbhísí comhairleacha i réimsí na ceannaireachta agus na bainistíochta san earnáil phoiblí, bainistíú acmhainní daonna, rialachas, cuntasaocht, bainistíocht airgeadais, iniúchadh, bainistíocht tionscadal agus clár agus teicneolaíocht faisnéise, lena n-áirítear clár chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil i gcomhlachtaí gairmiúla. Tar éis dóibh díriú go rathúil ar thairiscintí ar líne in 2020, lean na foirne orthu ag nuáil i rith 2021 maidir le réimse ilghnéitheach tairiscintí foghlama cumaisc, cúrsaí, seimíneáir ghréasáin agus clár topaicí speisialta ar líne a dhearadh, a chruthú agus a sheachadadh. I rith na bliana chonacthas níos mó teagmhálacha duine le duine de réir a chéile, ar iarratas ó chliaint an ar gcuid is mó de, agus bhí méadú ar líon na dtairiscintí hibrideacha, a chuir dúshlán romhainn arís ach

d'éirigh linn iad a sheachadadh.

Leanadh ar aghaidh leis na fóraim agus príomhimeachtaí agus príomhghníomhaíochtaí eile i bhformáid ar líne. Baineadh úsáid as raon ardán oideachais agus ar líne lena n-áirítear Moodle, MS Teams, Zoom, Webex, Pexip, Panopto agus GoToWebinar.

Sa bhfoireann Ceannaireachta agus Bainistíochta, bhí gá forleathan ann le seirbhísí. Lean ocht n-eagras rialtais is fiche, idir ranna, oifigí agus comhlachtaí stáit dá dteagmháil linn dár gclár phraiticiúla, shaincheaptha ar líne chun cumais ceannaireachta agus bhainistíochta a athrú ó bhonn ag gach leibhéal, idir oifigigh chléireachas agus phríomhoifigeach. Bhí sé de phribhléid againn leanúint ar aghaidh lenár rannpháirtíocht agus lenár gcomhoibriú le roinnt príomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe in obair an athraithe aeráide ag leibhéal an rialtais áitiúil. Bhíomar ag obair as láimh a chéile le Grúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Údarais Áitiúil, leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le réimse rannpháirtithe náisiúnta, ó institiúidí acadúla éagsúla, ón rialtas lárnach agus ón rialtas áitiúil, ó Sheirbhís Mheitearaolaíochta na hÉireann, Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, gníomhaireachtaí fuinnimh agus MaREI agus chuireamar tús le tionscadal comhoibrioch dian uailmhianach chun oiliúint a chur ar aon fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide amháin is tríocha de chuid an rialtais áitiúil. Rinneamar 165 lá d'fhorbairt shaincheaptha a dhearadh agus a sheachadadh do thart ar 1,403 rannpháirtí san earnáil seo.

Maidir le clár chreidiúnaithe CIPD (Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha), lean éileamh láidir ó gach cuid dár bpríomhearnálacha in 2021. Mar chuid de thairiscintí oidhreacht, bhí trí chlár CIPD ar siúl againn go lárnach agus laistigh d'eagraíochtaí cliant: Dioplóma CIPD i gCleachtas Acmhainní Daonna, Dioplóma CIPD i bhFoghlaim agus Forbairt agus, an ceann is tábhachtaí, Teastas CIPD nua i gCleachtas Daoine. Leanamar ar aghaidh le clár Eadrána Deimhnithe de chuid Institiúid Eadránaithe na hÉireann ar bhonn hibrideach, áit a ndearnamar iarracht seisiúin agus tacaíocht ar líne a mheascadh le roinnt seachadadh duine le duine do na gnéithe scileanna praiticiúla nuair a bhí sé iomchuí agus de réir treoir sláinte poiblí.

Bhí éileamh mór ar sheirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí a bhaineann le cuntasaocht. Áiríodh ar sheirbhísí comhairleoireachta comhairle ar ráitis ar rialú inmheánach, ráitis bhliantúla airgeadais agus córais árachais, chomh maith le forbairt ar bheartais airgeadais agus ar phrótacail do phríomhearnálacha. Chuireamar an Teastas creidiúnaithe CIPFA i mBainistíocht Airgeadais Phoiblí Idirnáisiúnta ar fáil freisin.

Áiríodh i sceideal clár an Fhórait Rialachais do 2021 ocht n-imeacht déag éagsúla a thosaigh an 14 Eanáir agus a chríochnaigh an 9 Nollaig. Ó Mhárta 2020 ar aghaidh, chuaigh an fóram ar aghaidh go fíorúil agus d'éirigh leis aistriú go dtí sraith seimíneár gréasáin ar líne a raibh éileamh as cuimse orthu arís in 2021.


Thug an t-ardán fíorúil deis dúinn freisin rochtain níos éasca a fháil ar rannchuiditheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bhí sé de phribhléid againn cuireadh a fháil ó Pharlaimint na hÚcráine le bheith i láthair ag a gcomhdháil fhíorúil agus taithí na hÉireann ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na státseirbhíse a chomhroinnt, na sásraí atá i bhfeidhm ag an leibhéal lárnach a phlé chun freagairt do riachtanais an chórais, agus ról an Fhorais a chur i láthair maidir le freagairt do riachtanais státseirbhísis na hÉireann faoi láthair agus amach anseo.

Taifeadadh feidhmíocht dhearfach airgeadais in 2021. Rinneadh infheistíocht shuntasach chun ár mbonneagar cibearshlándála agus TF agus córais bhainistíochta airgeadais a fheabhsú. Leanadh den infheistíocht i gclár inbhuanaitheachta an IPA agus baineadh amach spriocanna na hEarnála Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí. D'éirigh le foireann TFC an IPA, agus í ag obair le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, réitigh an bhonneagair theicneolaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an bonneagar digiteach seo a chumasú agus claochlú gnó. Chomhlíon an Foras a oibleagáidí airgeadais, cánachais agus rialála le linn 2021, agus lean Bord an IPA ag déanamh maoirseachta ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ar fud an Fhorais.

Tá sé de phribhléid ag an IPA lucht saothair ardchumasach, gairmiúil agus tiomanta a bheith acu, agus grúpa láidir comhlach. Tá gach duine díobh rithabhachtach chun ár misean agus ár bhfís a bhaint amach. Geallann an IPA tacú leis an bhfoireann go léir ina bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta agus maidir lena bhfolláine. Lean speisialtóirí an Fhorais ar aghaidh ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí atá ag athrú mar thoradh ar an bpaindéim agus ar an bpróiseas ginearálta athchóirithe.

Ba bhliain an-táirgiúil agus tairbheach é 2021 don IPA. Chuireamar bearta ár bPlean Straitéisighi gcrích agus sinne ag díriú go hiomlán ar ár samhail ghnó ar líne, agus leanamar orainn ag cur lenár gcáil ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ba mhaith linn ár mbuíochas agus ár meas a chur in iúl do bhaill Bhord an IPA, do bhaill foirne agus do chomhpháirtithe uile an IPA, dár mic léinn, dár gcliaint agus dár mballeagraíochtaí. Táimid ag tnúth le leanúint lenár gcaidreamh táirgiúil leo sna blianta amach romhainn.



**An Dr Fergal Lynch**  
Cathaoirleach



**An Dr Marian O'Sullivan**  
An tArdstiúrthóir



## 02

# Oideachas

---



## 02 Oideachas



**An Dr Michael Mulreany**

Ard-Stiúrthóir Cúnta

Is é an IPA an príomhsholáthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá seirbhísí oideachais an IPA tábhachtach, go háirithe ag an am seo den athnuachan agus den athrú sa tseirbhís phoiblí. Tá sé mar aidhm ag ár gclár sainscileanna agus eolas speisialaithe, tuiscint leathan ar bhainistíocht agus ar bheartas poblí, scileanna anailiseacha agus an deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéal 6 suas go leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a sholáthar. Tá na clár deartha freisin chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a sholáthar chun éascaíocht a dhéanamh do mhic léinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs sin tá tábhacht ar leith ag baint le tacaíocht agus seachadadh ar líne a sholáthar do mhic léinn agus is treocht é nach féidir a sheachaint i bhfianaise na paindéime Covid-19. Le blianta beaga anuas, tá fás seasmhach ar an líon daoine a thugann faoi chlár oideachais.

### Clár atá creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann agus ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Idir 2001 agus 2011 bhí an IPA ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann. Idir 2011 agus 2018 ba choláiste aitheanta de chuid COBHÁC é an IPA. In 2018, thosaigh an IPA mar choláiste aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann. Tá mic léinn atá cláraithe ar chlár oideachais ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh incháilithe chun cáilíochtaí atá creidiúnaithe ag ONÉ a fháil. Ag searmanas bronnta bliantúil 2021, bhí 1,003 céimí ar bronnadh dioplómaí agus céimeanna orthu. Bronnadh teastais ar 689 mac léinn eile.

Sna blianta acadúla 2020/1 agus 2021/2 aistríodh seachadadh clár chuig seachadadh ar líne mar fhreagairt do shrianta sláinte poiblí a bhain leis an bpaindéim Covid-19. In 2021 thairg an Foras tar éis sraith de chlárí fhochéime agus iarchéime ó leibhéal 6 go leibhéal 10 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Clár Fochéime

Cuireadh na príomhchlár – an Baitsiléir Ealaíon (Onór.) agus an Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) ar fáil arís in 2021. In 2021 tairgeadh seacht speisialtóireacht ar an mBaitsiléir Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar an mBaitsiléir Staidéar Gnó (Onór.)

Lena chois sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma idir Dhlí agus Staidéar Ríomhaireachta agus idir Bhainistíocht Rialtais Áitiúil agus Sholáthar Poiblí. Tairgtear cuid de na dioplómaí gairmiúla i gcomhar le comhlachtaí rialtais. Is é atá sa Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh

Oifigiúil um Meastóireacht Bheartais ná clár bliana a thairgtear i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Seachadtar an Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine agus Comhionannas i gcomhar le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Tairgtear an Dioplóma Gairmiúil i gCaidrimh Thionscail agus Fostaíochta i gcomhar leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa bhliain acadúil 2020/1 tairgeadh dhá chlár nua, is iad sin an Dioplóma Gairmiúil sa Nuálaíocht san Earnáil Phoiblí agus an Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí. Ar an iomlán, bhí os cionn 1,380 mac léinn cláraithe ar ár gclárí fochéime in 2021.

### Clár Iarchéime

Tá an chéad bhliain i gClárí Mháistreachta Ealaíon an Fhorais ag na mic léinn ar fad le chéile agus leanann dámhachtain an Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí aisti. I mbliain a dó téann scoláirí ar aghaidh chun ceann de sheacht réimse speisialtóireachta a roghnú. Ba é 226 an líon iomlán mac léinn a bhí cláraithe ar chlárí Mháistreachta Ealaíon in 2021.

Is clár dhá bhliain é an Máistir Eolaíochta Eacnamaíochta in Anailís Beartais agus bronnar an Dioplóma Iarchéime in Anailís Beartais ag deireadh na chéad bhliana. Déanann mic léinn staidéar ar raon ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus oibríonn siad ar thráchtas feidhmeach sa dara bliain. In 2021, bhí ceathrar scoláire is fiche cláraithe ar an gclár.



Cuireadh tús leis an gclár Máistreachta Eolaíochta i nGnó agus i mBainistíocht i Meán Fómhair 2011. Is clár páirtaimseartha dhá bhliain é an MSc seo. Bhain an chéad ghrúpa céimithe an chlár céim amach i mí na Nollag 2013. In 2021, bhí beirt scoláire is fiche cláraithe ar an gclár.

Is clár bliana é an Teastas Gairmiúil i Rialachas a cuireadh ar fáil den chéad uair in 2011. Bhí os cionn 170 mac léinn cláraithe ar an gclár in 2021.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh a gcéimeanna ar na chéad chéimithe sa bhliain 2006. Idir 2003 agus 2011 cuireadh an clár Dochtúireachta i Rialachas ar fáil i gcomhpháirt le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 thug an Foras faoi shocrú nua chun an clár a thairiscint i gcomhpháirt le COBHÁC. Bronnadh a chéim ar an chéad chéimí den chomhdhochtúireacht IPA-COC in 2015. In 2019 d'fhaomh Ollscoil na hÉireann moladh an IPA freagracht iomlán a ghlacadh leis féin as riaradh agus seachadadh an chlár. In 2021 bhí breis is tríocha mac léinn cláraithe ar an gclár.

### Dearbhú Feabhais

In 2021, mar chuid de phróisis dearbhaithe cáilíochta OÉ, rinne painéal saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta den scoth athbhreithniú mór institiúideach ar chur chun feidhme agus éifeachtacht dhearbhu cáilíochta an IPA. Bhí toradh an athbhreithnithe sásúil agus chinn an painéal athbhreithnithe gur chomhlíon an IPA cuspoirí uile an athbhreithnithe. Ar bhonn an athbhreithnithe, d'fhaomh Seanad OÉ clár ag an IPA go ceann seacht mbliana eile.



**03**

Taighde

---

# 03

## Taighde



**An Dr John O'Neill**

Ceann Taighde,  
Foilsitheoireachta &  
Caidrimh Chorporáidigh

**Tá foireann bheag lánaimseartha thiomanta ag an Institiúid atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach don rialtas lárnach, don rialtas áitiúil agus do chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí. In 2021, ceapadh an Dr John O'Neill mar Cheann nua um Thaighde, Foilsitheoireacht agus Caidreamh Corparáideach. Ba é an príomhphiosa taighde a rinneadh in 2021 don rialtas lárnach ná go leanfaí le tuarascáil *Treochtaí na hEarnála Poiblí*, atá sa dara bliain déag anois.**

### *Treochtaí na hEarnála Poiblí 2021*

An Dr Richard Boyle a d'fhoilsigh an tuarascáil bhliantúil *Treochtaí na hEarnála Poiblí* i mí na Nollag. Scrúdaítear inti treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí. Ag baint úsáide as sonraí a bailíodh ó roinnt foinsí, cuirtear faisnéis i láthair faoi mhéid agus faoi chostas na hearnála poiblí, faoi cháilíocht an riaracháin phoiblí, faoi éifeachtúlacht agus feidhmíocht, agus faoi leibhéil iontaobhe agus muiníne ar bhealach simplí atá críochnúil mar sin féin. Tá an tuarascáil seo ar fáil le híoslódáil ag <https://www.ipa.ie/state-of-the-public-service-series/public-sector-trends-2021.5807.html>

Sa bhliain 2021 leanadh den tsraith taighde 'Rialtais Áitiúil', faoinar críochnaíodh agus faoinar foilsíodh dhá aschur:




### *Leading the Local Response to Covid-19: The Role of Local Government*

Sa pháipéar taighde seo, le Laura Shannon agus Fergal O'Leary, breathnaítear ar thionchar na paindéime ar an earnáil rialtais áitiúil le linn an chéad bhabhta den choróinvíreas. Déantar iniúchadh ar na bealaí ar dhéileáil údarais áitiúla leis an gcur isteach tosaigh a rinneadh ar a n-ualaí oibre, ar na dúshláin a bhí rompu agus ar an gcaoi ar thacaigh siad le pobail agus le gnólachtaí áitiúla. Ba é aidhm an taighde ná freagairt fhoriomlán an rialtais áitiúil ar an bpaindéim a dhoiciméadú, agus na rudaí a d'oibrigh go maith a aithint agus a anailísiú, agus na rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú.

I bhfianaise na n-imthosca gan fasach, léiríonn an taighde gur fhreagair údarais áitiúla go han-mhaith ar an iomlán chun an cur isteach ar ualaí oibre a íoslaghdú agus chun seachadadh seirbhísí poiblí riachtanacha a chinntiú. Bhí an comhordú agus tacaíocht lárnach laistigh den earnáil rialtais áitiúil láidir agus thug sé comhsheasmhacht di. Tá an tuarascáil ar fáil ag

[https://www.ipa.ie/\\_fileUpload/Documents/IPA%20LGR%2020%20web.pdf](https://www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/IPA%20LGR%2020%20web.pdf)



### *City and County Management in Ireland, 1929–2020*

Déanann an leabhar seo, le Richard Boyle agus Fergal O'Leary, machnamh ar an gcóras bainistíochta a tugadh isteach i rialtas áitiúil na hÉireann i 1929 agus ar an méid a chuir bainisteoirí cathrach agus contae le saol na hÉireann ó shin i leith.

Sa chéad chuid den leabhar tá cuir i láthair ó lucht acadúil agus cleachtóirí cáiliúla, a chuireann síos ar bhunús agus ar fhorbairt an chórais bhainistíochta agus a ról i bhforbairt áitiúil agus náisiúnta. Diríonn an dara cuid den leabhar ar na daoine a bhí i seilbh oifig an bhainisteora cathrach agus contae (agus, ó 2014, i ról an phríomhfheidhmeannaigh) in Éirinn idir 1929 agus 2020. Cuirtear próifílí gairmréime gairide ar fáil le haghaidh gach iarbhanisteora/iar-phríomhfheidhmeannaigh agus gach bainisteora/príomhfheidhmeannaigh reatha agus déantar anailís ar na próifílí sin freisin. Ina theannta sin, soláthraíonn an leabhar croineolaíocht fairsing a leagann béim ar fhorbairt sa rialtas áitiúil thar an tréimhse a scrúdaítear. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag

<https://www.ipa.ie/government-and-politics/city-and-county-management-in-ireland-1929-2020.5639.html>

## 03 Taighde

### Clár Taighde leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Bhí an bhliain 2021 suntasach freisin de bharr an mhórchláir taighde a críochnaíodh in éineacht leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) chun athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe rialachais uisce in Éirinn. Ba iad cuspóirí an chláir taighde dhá bhliain seo cabhrú chun bonn eolais a chur faoi smaointeoireacht maidir leis an *River Basin Management Plan, 2022–2027* agus ceachtanna a foghlaimíodh ó shocruithe nua rialachais i leith uisce a chomhroinnt le réimsí eile de sheirbhís phoiblí na hÉireann. Tá sé seo ag teacht le cuspóir straitéiseach an IPA chun bonn eolais a chur faoi phlé, díospóireacht agus cleachtas ar threo reatha na seirbhíse poiblí agus ar a treo amach anseo.

Mar chuid de chláir taighde an IPA/EPA, d'fhoilsigh an IPA trí pháipéar, agus d'fhoilsigh an EPA trí thuarascáil eile, rud a éascaíonn scaipeadh níos leithne na bpríomhthorthaí taighde.

#### Foilseanán IPA

- *Water Governance in Ireland: Towards the Third-Cycle River Basin Management Plan, 2022–2027. Report on Proceedings of Key Stakeholder Workshops Held as Part of the EPA–IPA Water Governance Research Programme, Bealtaine 2021;*
- *Case Studies on Local Government Catchment Groups in Ireland, 2018–2020;*
- *An Fóram Uisce (The Water Forum) as an Example of Stakeholder Engagement in Governance.*

Is féidir na tuarascálacha seo go léir a íoslódáil ag <https://www.ipa.ie/research-papers/epa-reports.5762.html>

#### Foilseacháin an EPA

- *Using an Experimental Governance Lens to Examine Governance of the River Basin Management Plan for Ireland 2018–2021;*
- *Using the OECD Water Governance Indicator Framework to Review the Implementation of the River Basin Management Plan for Ireland 2018–2021;*
- *Sharing Lessons Learned from Water Governance (foilsíodh in 2022).*

Is féidir tuarascálacha an EPA a íoslódáil ag na naisc seo a leanas:

[https://www.epa.ie/publications/research/water/Research\\_Report\\_373.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/water/Research_Report_373.pdf)

[https://www.epa.ie/publications/research/water/Research\\_Report\\_372.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/water/Research_Report_372.pdf)

[https://www.epa.ie/publications/research/water/Research\\_Report\\_406.pdf](https://www.epa.ie/publications/research/water/Research_Report_406.pdf)


I measc na hoibre eile a rinne an Rannán Taighde bhí soláthar caibidil na hÉireann do thionscadal a bhí coimisiúnaithe ag an AE, a d'fhéach ar threochtaí maidir le hathchóiriú riaracháin poiblí ar fud an AE 28 (Eolas ar Thiortha maidir le Riaracháin Phoiblí na hEorpa – EUPACK2).

Tá an fhoireann taighde freagrach as eagarthóireacht Administration, iris taighde piarmheasúnaithe an IPA. Foilsítear ceithre eagrán gach bliain. Tagann coiste comhairleach eagarthóireachta na hirise, lena n-áirítear lucht acadúil mór le rá a bhfuil cúlra bainistíochta poiblí agus polaitíochta acu, le chéile uair sa bhliain. Tá gach eagrán agus alt ó imleabhar 63 ar aghaidh ar fáil saor in aisce ar líne:

<https://sciendo.com/journal/ADMIN>

D'fhoilsigh an Rannóg Taighde *Local Authority Times* agus *EU News Bulletin* i gcaitheamh na bliana. Chuir an fhoireann tacaíocht taighde ar fáil freisin do *Ireland – A Directory* foilseachán bliantúil an IPA, chomh maith le hionchur le clár Oideachais agus Oiliúna IPA.

Ina theannta sin, bhí baint shuntasach ag an bhfoireann le planáil ar aghaidh le haghaidh 2022 maidir le forbairt clár nua taighde trí bliana don earnáil rialtais áitiúil, clár taighde nua dhá bhliain IPA/EPA agus plé ar réimsí nua oibre chun tacú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le hathchóiriú na hearnála poiblí tar éis *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*.







## 04

# Oiliúint & Forbairt

---

# 04

## Oiliúint & Forbairt



**Teresa Casserly**

Stiúrthóir, Forbairt Gnó,  
Ceannaireacht agus  
Bainistíocht, agus Seirbhísí  
Idirnáisiúnta



**Aidan Horan**

Stiúrthóir, Rialachas,  
Airgeadas, Bainistíocht  
Acmhainní Daonna,  
Teicneolaíocht Faisnéise/  
Bainistíocht Tionscadal  
agus Údarás Áitiúil

**Bhí an-rath ar an mbliain 2021 ar fud na n-aonad laistigh den Rannán Oiliúna agus Forbartha, in ainneoin na ndúshlán agus na n-éiginnteachtaí leanúnacha mar gheall ar Covid-19. Tar éis dóibh díriú go rathúil ar thairiscintí ar líne in 2020, lean na foirne orthu ag nuáil i rith 2021 maidir le réimse ilghnéitheach tairiscintí foghlama cumaisc, cúrsaí, seimineáir ghréasáin agus cláir topaicí speisialta ar líne a dhearadh, a chruthú agus a sheachadadh. I rith na bliana chonacthas níos mó teagmhálacha duine le duine de réir a chéile, ar iarratas ó chliant ar an gcuid is mó de, agus bhí méadú ar líon na dtairiscintí hibrídeacha, a chuir dúshlán romhainn arís ach d'éirigh linn iad a sheachadadh. Leanadh ar aghaidh leis na fóraim agus príomhimeachtaí agus príomhghníomhaíochtaí eile i bhformáid ar líne. Baineadh úsáid as raon ardán oideachais agus ar líne lena n-áirítear Moodle, MS Teams, Zoom, Webex, Pexip, Panopto agus GoToWebinar.**

Leanamar orainn ag forbairt ár gcur chuige teagaisc agus foghlama chun acmhainní atá ar fáil a chomhtháthú, m.sh. fistaifeadtaí, cás-staidéir, scannáin, seachadadh fíor-ama, uirlisí agus teicnící idirghníomhacha. Leanann an éabhlóid seo ar aghaidh áit a bhfeicimid an acmhainn leanúnach atá i gcláir fhíorúla agus aisioncronacha oideachais, oiliúna agus forbartha. Aithnímid go leanfaidh an t-éileamh ar sheachadadh seirbhísí ar líne agus hibrídeach ar aghaidh. Leanaimid orainn ag lorg deiseanna a sholáthraíonn na cuir chuige éagsúla, agus ag baint leasa astu, agus tuigimid freisin an gá atá le teagmháil le rannpháirtithe ardchaighdeán a chinntiú agus cuspóirí foghlama a bhaint amach. Ní

mór dúinn freisin a admháil gur fearr a sheachadtar cuid de na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar fud na n-aonad éagsúil i bhformáid phearsanta, agus go deimhin d'iarr na comhlachtaí creidiúnaithe gairmiúla i gcásanna áirithe go ndéanfaí rannpháirtíocht duine le duine d'fhorbairt scileanna a chomhtháthú sa seachadadh.

Maidir le feidhmíocht airgeadais, bhí feidhmíocht an-láidir ag an roinn agus ag na haonaid go léir, agus chuir éileamh agus tinreamh suntasach leanúnach cliant ar thairiscintí nua agus athnuaithe borradh fúithi, in éineacht le tiomantas na foirne riaracháin agus speisialtóireachta freagairt go réamhghníomhach agus go frithghníomhach do

riachtanais na gcliant agus an mhargaidh. Chomh agus tairiscintí forbartha ar fud bainistíocht airgeadais agus cuntasaióchta, bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, bainistíocht tionscadail, rialtas áitiúil, rialachas agus ceannaireacht, cuirimid cúrsaí agus cláir atá creidiúnaithe go gairmiúil ar fáil freisin. Maidir lenár bpunann éagsúlaithe, coimisiúnaíodh sinn freisin chun seirbhísí comhairleoireachta agus comhairleacha a sholáthar sa rialtas lárnach, rialtas áitiúil, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí rialála, institiúidí ardoideachais, boird oideachais agus oiliúna, eintitis a fhaigheann maoiniú poiblí agus eintitis leasa phoiblí, an earnáil spóirt agus comhlachtaí rialaithe náisiúnta.

Tá áthas orainn, in ainneoin na n-éiginnteachtaí in 2021, go raibh éileamh mór ar ár dtairiscintí seirbhíse agus go raibh rath ar ár gcuid oibre lenár gcliant, ár gcomhpháirtithe agus ár bpáirtithe leasmhara i gcónaí. Bhíomar in ann freagairt don iliomad iarratas a fuairamar. Tugann ár réamheolaire ar líne le haghaidh 2021 atá an-chuimsitheach agus an réamheolaire reatha 2022 taispeántas tábhachtach dár seirbhísí, le meascán de thairiscintí fíorúla agus pearsanta, agus tá éileamh i gcónaí ar go leor dár gcláir rollú oscailte mar imeachtaí in-tí, atá saincheaptha d'eagraíochtaí ar leith.





## 04 Oiliúint & Forbairt

### Ceannaireacht & Bainistíocht

Agus é mar chuspóir raon leathan clár ábhartha, oscailte agus saincheaptha forbartha atá bunaithe ar inniúlacht a sholáthar chun tacú le riachtanais reatha agus amach anseo na gceannairí, na mbainisteoirí agus a n-eagraíochtaí, d'fhreagair na Foirne Ceannaireachta, Bainistíochta agus Forbartha Gnó don éileamh láidir ar sheirbhísí ó raon leathan ranna rialtais, oifigí, gníomhaireachtaí agus údarás áitiúil le linn 2021.

Bhí éileamh ar réimse leathan seirbhísí. Lean ocht n-eagras rialtais is fiche, idir ranna, oifigí agus comhlachtaí stáit dá dteagmháil linn dár gclár phraicticiúla, shaincheaptha ar líne chun cumais cheannaireachta agus bhainistíochta a athrú ó bhonn ag gach leibhéal, idir oifigigh chléireachas agus phríomhoifigeach. D'oibríomar go dlúth le custaiméirí ón státseirbhís atá ann cheana agus rinneamar cosáin nua chuig ranna agus oifigí nua chun ár sraith clár a fhorbairt agus a leathnú a thugann aghaidh ar an éileamh ar oiliúint do státseirbhísigh nua-earcaithe a fuair ardú céime le déanaí, éileamh a bhfuil fás faoi. I gcomhthionscnamh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, d'éirigh linn cúrsa nua a fhorbairt, a sheoladh agus a reáchtáil ar bhonn phiolótach do státseirbhísigh shinsearach a earcaíodh le déanaí. Tugann sé seo aghaidh ar a gcuid riachtanas maidir le heolas ar nósanna imeachta na státseirbhíse agus tuiscint ar an bpróiseas daonlathach agus ar ról gníomhaithe éagsúla sa chóras sin, agus díreann ar ról an státseirbhíse mar ghníomhaire an aire agus ar na rialacha lena gcinntear ról an státseirbhíse sa phróiseas.

Bhí sé de phribhléid againn leanúint ar aghaidh lenár rannpháirtíocht agus lenár gcomhoibriú le roinnt príomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe in obair an athraithe aeráide ag leibhéal an rialtais áitiúil. Bhíomar ag obair as láimh a chéile le Grúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Údarais Áitiúil, leis na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus le réimse rannpháirtithe náisiúnta, ó institiúidí acadúla éagsúla, ón rialtas lárnach agus ón rialtas áitiúil, ó Sheirbhís Mheitéareolaíochta na hÉireann, Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann, gníomhaireachtaí fuinnimh agus MaREI agus chuireamar tús le tionscadal comhoibriúch dian uailmhianach chun oiliúint a chur ar aon fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide amháin is tríocha de chuid an rialtais áitiúil. Agus sinne ag obair le 391 bhall foirne gairmiúil a bhfuil an-taithí theicniúil agus riaracháin acu, ó gach stiúthóireacht údarais áitiúil, bhí mar thoradh ar an tionscadal gur

soláthraíodh trí lá is caoga d'oiliúint Ceannaireachta Aeráide. Chruthaigh raon feidhme an tionscnaimh seo spreagadh d'fhoirne gníomhaíochta aeráide smaoineamh agus gníomhú go straitéiseach, éirí oilte i dtaobh comhthuisctint a aimsiú agus tacaíocht a fháil i measc luchtanna leasa a bhfuil tuairimí agus aidhmeanna éagsúla acu, agus dul i gceannas ag an am céanna ar an athrú iompraíochta agus ar shaincheisteanna maidir le hoiriúnú a bhaineann le gnó an athraithe aeráide atá criticiúil ag an bpointe seo. Le linn na bliana, bhí dlúth-theagmháil againn leis, le naoi n-údarás áitiúil déag chun acmhainn bhreise bainisteora líne a fhorbairt dóibh siúd atá i ról bhainistíochta chéadlíne, meánbhainistíochta agus bainistíochta sinsearaí. Rinneamar 165 lá d'fhorbairt shaincheaptha a dhearadh agus a sheachadadh do thart ar 1,403 rannpháirtí san earnáil seo.

Bhí sé de phribhléid againn le linn 2021 oibriú leis an earnáil oideachais, go háirithe na boird oideachais agus oiliúna (BOOanna), chun tionscnamh ceannaireachta sinsearaí a fhorbairt do phríomhfheidhmeannaigh, dá bhfoirne ceannaireachta sinsearaí agus dá stiúthóirí ar fud na sé BOO déag. Ceapadh an tionscnamh chun cumas ceannaireachta breise a fhorbairt ar leibhéal an duine aonair, na foirne agus na heagraíochta agus mar sin bhí sé difriúil le cur chuige ceannaireachta eile sa mhéid gur thug sé roinnt eilimintí le chéile. Bhí deis ag ceannairí sinsearach dul i ngleic lenár gcreat coincheapúil chun smaoineamh ar dhúshláin cheannaireachta, sraith teicnící nó scileanna a fhorbairt chun oibriú go straitéiseach agus go tascúil laistigh dá n-eagraíochtaí, agus cumas a fhorbairt chun teacht slán as a bheith faoin strus a ghabhann le bheith ag treorú an athraithe atá riachtanach chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhiordhúshláin atá ann faoi láthair agus a bhfuil naisc agus impleachtaí an-phéarsanta acu go minic. Chruthaigh raon feidhme an tionscnaimh cheannaireachta seo, ar cuireadh tús leis trí fhócas leanúnach na hearnála ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach dá ceannairí sinsearach, teanga chomhroinnte don earnáil chun cuspóir, straitéis, struchtúr agus cultúr a phlé, agus meas nua a fhorbairt, chomh maith le smainte agus uirlisí praiticiúla, chun oibriú i gcomhar le chéile chun déileáil le dúshlán agus athrú earnála. Tá i bhfad níos mó ná leath na hearnála gafa faoin bpointe seo le feidearthachtaí nua a aimsiú le haghaidh comhair, comhoibrithe agus nuálaíochta – atá faoi úinéireacht agus á stiúradh ag foirne ceannaireachta na mBord Oideachais agus Oiliúna – ag úsáid comhchreata, comhfhoclóra agus braistint cuspóra athnuaite.

Leis an éileamh domhanda agus náisiúnta atá ag méadú ar mhúnla oibre hibrideach agus rialachán rialtais atá ag teacht chun cinn, bhí suim nach beag i dtairiscint nua 'Managing in a Hybrid Environment', a d'fhorbraíomar go luath in 2021 agus a tairgeadh ar dtús mar chúrsa poiblí. D'éirigh go maith leis an tairiscint i measc roinnt comhlachtaí poiblí agus d'éirigh le roinnt tairiscintí don oiliúint seo mar chlár saincheaptha. Sa mhodúl déantar bainistíocht athraithe agus gné na ndaoine i samhail hibrideach a chíoradh chun éascú agus oiriúnú cultúrtha a chur chun cinn. I dteannta leis seo, d'fhorbraíomar tairiscint bhreise, 'Employee Hybrid Working', atá tar éis leas a bhaint as an éileamh ar oiliúint níos sainiúla de réir mar a ullmhaítear polasaithe beartais an rialtais agus na heagraíochta lena gcur i bhfeidhm.

Rinneamar athnuachan ar ár rannpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil chun tacú le clár nua céime a sheachadadh chun céimithe a earcaíodh le déanaí a ullmhú don chóras rialtais áitiúil. Reáchtáil ár saineolaithe ceannaireachta sraith seisiún scileanna réigiúnach atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí rithabhachtacha a aithint agus a chomhtháthú ina dtaithe oibre, lena n-áirítear modúl tosaigh chun an cohórt nua 150 céimí a dhíriú ar ról, feidhmeanna, struchtúr agus cultúr an rialtais áitiúil. Is go fíorúil a reáchtáladh é in 2021.

Maidir le cúrsaí idirnáisiúnta, bhí sé de phribhléid againn cuireadh a fháil ó Pharlaimint na hÚcráine le bheith i láthair ag a gcomhdháil fhíorúil agus taithe na hÉireann ar fhoghlaím agus ar fhorbairt na státseirbhíse a chomhroinnt, agus na sásraí atá i bhfeidhm a phlé ag an leibhéal lárnach chun freagairt do riachtanais an chórais, agus ról an Fhorais a chur i láthair maidir le freagairt do riachtanais reatha státseirbhíse na hÉireann agus a riachtanais agus amach anseo. Ar an gcaoi chéanna, bhí áthas orainn glacadh le cuireadh ón gCoimisiún Eorpach, Ard-Stiúthóireacht NEAR (AS um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú), chun páirt a ghlacadh i Misean Saineolaithe TAIEX chuig Scoil Riaracháin Phoiblí Zhvania, an tSeoirsia, áit a ndearnamar cathaoirleacht ar phlé agus ar chuireamar páipéar i láthair ar an 'Meastóireacht ar Chur Chuige Nua-Aimseartha i leith Oiliúna agus Forbartha, Sasraí agus Uirlisí' chun an earnáil rialtais áitiúil sa tSeoirsia a athchóiriú.



## 04 Oiliúint & Forbairt



### An tAonad um Bainistiú Acmhainní Daonna

Maidir le clár chreidiúnaithe CIPD (Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha), lean éileamh láidir ó gach cuid dár bpríomhearnála in 2021. Mar chuid de thairiscintí oidhreacht, bhí trí chlár CIPD ar siúl againn go lárnach agus laistigh d'eagraíochtaí cliant: an Diplóma CIPD i gCleachtas AD, an Diplóma CIPD i bhFoghlaim agus Forbairt agus, níos tábhachtaí fós, an Teastas CIPD nua i gCleachtas Daoine. Agus sinne ag bogadh isteach in 2022, is é an Teastas i gCleachtas Daoine an phríomhthairiscint agus tá leibhéal maith éilimh ó chliant in-tí á lorg. Leanamar ar aghaidh le clár Eadrána Deimhnithe de chuid Institiúid Eadránaithe na hÉireann ar bhonn hibrídeach, áit a ndearnamar iarracht seisiúin ar líne a mheascadh agus, nuair is féidir agus is cuí agus de réir treorach sláinte poiblí, tacú leis le roinnt seachadadh duine le duine do na gnéithe scileanna praiticiúla. Aithníonn an t-aiseolas ar na cláir éagsúla go dearfach na hiarrachtaí atá déanta againn chun seachadadh hibrídeach rathúil a chinntiú ar an gclár seo agus ar na cláir CIPD.

Bhí éileamh leanúnach i gcónaí ar an réimse Bainistiú Acmhainní Daonna agus cúrsaí gaolmhara, lena n-áirítear oiliúint agallóra agus agallai ar líne, bunaithe ar inniúlacht, ar fud na bpríomhearnálacha cliant, lena n-áirítear comhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, agus na hearnálacha sláinte, rialtais áitiúil agus státseirbhíse. Ar phunann na seirbhíse áiríodh ceardlanna Bainistíochta Feidhmíochta & Forbartha, Bainistiú Casaoide agus Smachta, Dínit ag an Obair, Anailís Riachtanas Foghlama/Oiliúna, Bunriachtanais Dlí Fostaíochta, chomh maith le go leor cúrsaí Sábháilteachta Pearsanta ag an Obair a chuirtear ar fáil ar líne agus go pearsanta. Leanamar ar aghaidh ag seachadadh Oiliúint agus Feasacht Saorála Faisnéise go lárnach agus go háitiúil, do chliant ar leith. Bhí éileamh ar na seirbhíse comhairleoireachta agus comhairleacha nideoige freisin, lena n-áirítear athbhreithnithe grádaithe, straitéis acmhainní daonna agus planáil an lucht saothair, agus seirbhíse ballóide neamhspleácha.

Cé gur trí cheardlanna ar líne is mó a cuireadh oiliúint ar fáil in 2021, chonaiceamar roinnt seachadadh duine le duine agus bhí treoht mhéadaitheach ann, cé go rabhamar ag brath ar athruithe ar rátaí ionfhabhtuithe Covid agus ar imní a bhaineann leo.

### Aonad na nUdarás Áitiúil

Cosúil leis na foirne eile, bhí Aonad na nUdarás Áitiúil an-ghníomhach in 2021, agus seachadadh formhór na seirbhíse oiliúna, forbartha, creidiúnaithe agus fóraim tithíochta ar líne. Lean an Fóram Tithíochta, a seoladh i mí Lúnasa 2020, de bheith ina bhuaicphointe ar thairiscintí an aonaid in 2021, le clár imeachtaí lena n-áirítear seimineáir ghréasáin mhíosúla do chleachtóirí tithíochta ar raon leathan réimsí sainspéise comhaimseartha. Mar a bhí in 2020, bhí líon an lucht féachana an-mhór, le níos mó ná 100 duine (údarás áitiúil, comhlacht tithíochta ceadaithe agus ionadaithe gníomhaireachta na hearnála poiblí) ag freastal ar gach imeacht. Chomh maith leis an bhfóram, thionóladar gearrchúrsaí ar bheartais agus ar thionscnaimh shaincheaptha seirbhíse tithíochta, lena n-áirítear Eolas Bunúsach ar Thithíocht Shóisialta, Bainistíocht Fiachais agus clár Chigireachta Ciosa.

Bhí éileamh láidir i gcónaí ar ár gcláir oiliúna shaincheaptha, lena n-áirítear go háirithe an Clár Oiliúna A - Z sa Rialtas Áitiúil agus Oiliúint Reachtaíochta na nUdarás Áitiúil. Cuirtear na cláir seo ar fáil ar líne le meascán de léachtaí fise réamhthafaedta agus seisiúin idirghníomhacha fíor-ama. Lena chois sin tá rochtain ag rannpháirtithe an chúrsa ar chóras Moodle an IPA, a fheidhmíonn mar thaisclann taighde agus ábhar tagartha agus tá aitheantas tugtha dó mar áis an-tairbhíúil. Lean an fhoireann ag tacú le seachadadh na gclár creidiúnaithe rialtais áitiúil, lena n-áirítear Teastas LG, Diploma LG, Teastas Tithíochta agus Diplóma Tithíochta. Chuir an fhoireann tacaíocht chomhairleach agus chomhairleachta nideoige ar fáil d'údarais áitiúla freisin.

### Teicneolaíocht Faisnéise agus Bainistíocht Tionscadal

Bhí éileamh láidir i gcónaí ar chúrsaí oiliúna maidir le bainistiú gearrthionscadal agus RGCS, chomh maith le cúrsaí sna meáin shóisialta in 2021. Is díol suntais é gur soláthraíodh cúrsaí saincheaptha RGCS d'eagraíochtaí aonair mar thoradh ar aibiú ina gcur chuige maidir le príobháideacht sonraí agus saincheisteanna nua agus ceanglais nua a thagann chun cinn. Léirigh an t-éileamh leibhéal níos mó spéise i roinnt de na cúrsaí níos teicniúla, ar nós PMI-ACC (Agile) agus cúrsa nua BPI (Nuálaíocht Próisis Ghnó - seachas Feabhsúcháin). I gcaitheamh na mblianta, chuireadh an t-aonad oiliúint ar chórais úsáideora deiridh duine le duine ar fáil go traidisiúnta agus bhí sé seo aistrithe go hiomlán chuig tairiscintí fhíorúil in 2020, agus bhí éileamh láidir ar dtairiscintí ar réamheolaire nideoige. Coimisiúnaíodh sinn i rith na bliana chun a bheith i gceannas ar roinnt athbhreithnithe straitéise agus coinní pleanála, agus leanamar orainn ag obair go gníomhach laistigh d'eagraíochtaí cliant agus laistigh dár gclár lárnach ar chumas agus inniúlacht bainistíochta tionscadal a fhorbairt ag leibhéal ardbhainistíochta agus meánbhainistíochta ar fud príomhearnálacha. Is fiú a lua, de réir mar a fhorbraíonn ár seirbhíse, go bhfuil béim níos mó ar chás-staidéir agus ar theagasc saincheaptha do na heagraíochtaí, agus ar an ngá le comhoibriú ag céim an dearaidh agus na forbartha.

Lena chois sin lean an t-aonad air ag tacú le seachadadh modúl agus tacaíochtaí do mhic léinn ar an Teastas agus Diplóma i mBainistíocht Tionscadail agus ar an Diplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus tá áthas orainn leis an leibhéal aiseolais ó mhic léinn agus ón eagraíocht urraíochta. Tá sé seo dearfach i gcónaí.

Ag deireadh 2021, agus ag tosach 2022, ba léir go raibh méadú ag teacht ar an éileamh ar chúrsaí pearsanta agus, agus sinne ag freagairt do chliant, chuireamar roghanna ar fáil maidir le cur chuige ar líne agus pearsanta nó meascán cur chuige ag brath ar réimsí na n-ábhar agus ar riachtanais shonracha na gcliant.



## 04 Oiliúint & Forbairt

### An tAonad um Bainistiú Airgeadais

Bhí éileamh láidir ann freisin ar sheirbhísí bainistíochta airgeadais agus ar sheirbhísí a bhaineann le cuntasáiocht in 2021 ó gach príomhearnáil. Chomh maith leis na cúrsaí rialta sa réamheolaire ar líne maidir le bainistiú buiséid, airgeadas do bhainisteoirí neamhairgeadais, buneolas cuntasáiochta, airgeadas agus costáil earnála a thuiscint, imeachtaí cuntasáiochta sonracha don earnáil, seimineáir ghréasáin topaici speisialta, iniúchóireacht inmheánach agus réimsí eile, glacadh go han-mhaith leis na tairiscintí nua ar ghnéithe den *Chód Caiteachais Phoiblí*, le tairiscintí lárnacha agus le níos mó tairiscintí cliant in-tí de réir a chéile, tairiscintí a raibh éileamh láidir orthu in 2021 agus isteach go 2022. D'éirigh go maith le himeachtaí saincheaptha le linn na bliana freisin do ranna agus oifigí rialtais. Maidir leis na seirbhísí a thugann aghaidh ar riachtanais an *Chóid Chaiteachais Phoiblí* do chomhlachtaí stáit agus rialtais áitiúil agus, i gcomhthéacs na n-oibleagáidí cóid éagsúla, coimisiúnaíodh sin chun modúil teicniúla sxaincheaptha a fhorbairt agus a sheachadadh, ag brath ar riachtanais, ar bhonn in-tí. Tá sé i gceist againn go leanfar leis an gcineál seo éilimh agus sainoiriúnaithe amach anseo.

Chuireamar an Teastas atá creidiúnaithe ag CIPFA i mBainistíocht Airgeadais Phoiblí Idirnáisiúnta ar fáil freisin. Déanann CIPFA UK an cúrsa seo a nuashonrú (tugtar IPFM Futures air ag an bpointe seo) agus ciallaíonn an t-aistriú seo nach mór dúinn fanacht anois go dtí go mbeidh modúil nua comhaontaithe don dara leath de 2022. Maidir lenár scoláirí atá ann cheana ó iontógáil 2021, cuireadh seisiúin athbhreithnithe do scrúduithe ar fáil chun cabhrú leo dul chun cinn a dhéanamh.

Ar na seirbhísí comhairleoireachta a chuir an fhoireann ar fáil áiríodh comhairle maidir le ráitis ar rialú inmheánach, ráitis bhliantúla airgeadais agus córais árachais, chomh maith le forbairt ar bheartais airgeadais agus prótacail le haghaidh príomhearnálacha. Lena chois sin chuir an fhoireann ionchur ar fáil do chláir chreidiúnaithe eile, lena n-áirítear an Dioplóma i mBainistíocht Sláinte, an Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Tionscadail chomh maith leis an Teastas agus Dochtúireacht i Rialachas.

### An tAonad Rialachais

Áiríodh i sceideal clár an Fhórait Rialachais do 2021 ocht n-imeacht déag éagsúla a thosaigh an 14 Eanáir agus a chríochnaigh an 9 Nollaig. Ó Mhárta 2020 ar aghaidh, rinneadh fóram fíorúil den bhfóram agus d'éirigh linn é a aistriú go dtí sraith seimineár gréasáin ar líne. Mar gheall ar rochtain níos forleithne agus níos lú srianta ar rochtain d'éirigh linn líon daoine níos mó ná riamh a d'fhreastail ar an bhfóram a bhaint amach arís in 2021. Thug an t-ardán fíorúil deis dúinn rochtain níos éasca a fháil ar rannpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bhíomar an-sásta leis an aiseolas dearfach agus leis an aitheantas dearfach a fuarthas ó eagraíochtaí ballraíochta an fhórait.

I measc na réimsí ábhair in 2021 bhí Caidreamh idir Roinn agus Gníomhaireacht, Rialachas Cibearshlándála agus Sonraí, Cultúr agus Ról an Bhoird agus na Foirne Sinsearaí, an Bord mar Fhoireann – Saintréithe agus Éifeachtacht, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht, Airgeadas agus Tuairisciú Airgeadais, Straitéis, Ról agus Freagrachtaí Chomhaltai an Bhoird, Bainistíocht Riosca Chomhtháite, Athbhreithnithe Tréimhsiúla Criticiúla agus Caidreamh idir Bord agus Feidhmiúchán. Chomh maith leis sin, thionóil an fóram imeachtaí do chathaoirleach na gcoistí iniúchóireachta agus riosca. Tháinig Gréasán na gCathaoirleach agus Gréasán na Rúnaithe Boird le chéile faoi thrí agus faoi dhó, faoi seach, le linn 2021.

Mar fhreagairt ar theagmhais cibearshlándála FSS in 2021, d'eagraigh an fóram, i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais, RCPA, seimineár gréasáin tosaíochta saor in aisce dóibh siúd a bhfuil ról rialachais agus ceannaireachta acu ar fud na seirbhíse poiblí agus na státseirbhíse

agus níos leithne ar an ábhar riosca agus rialachais cibearshlándála an 3 Meitheamh 2021. Ba é 466 an tinreamh cláraithe fíorúil.

Mar gheall ar an aiseolas an-dearfach agus ar an ngá leanúint le feachtas agus tuiscint a ardú ar an réimse seo atá ag teacht chun cinn, shocraigh an fóram seisiún leantach an 14 Iúil ar na hábhair Freagairt ar Theagmhais agus Pleanáil Leanúnachais Ghnó. D'oibrigh an fóram freisin leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí an Mheithimh chun a n-imeacht Léargais Iniúchóireachta is déanaí a óstáil agus tacú leis, ar ar fhreastail 260 duine. Thug an ócáid ar maidin aghaidh ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear soláthar, cultúr, timpeallacht rialaithe agus riosca calaíse a bhainistiú.

Bhí éilimh oibre eile láidir i gcónaí ann agus áiríodh orthu comhairleoireacht, comhairle, tacaíocht agus cláir oiliúna agus forbartha ó gach príomhearnáil cliant. Ar na réimsí téamacha áiríodh athbhreithnithe neamhspleacha ar rialachas, bainistiú riosca, athbhreithnithe dearbhaithe, meastóireachtaí coiste agus boird, rialachas sinsearach agus oiliúint cheannaireachta, athbhreithnithe ar thagarmharcáil, forbairt ar chreat rialachais, agus beartais agus nósanna imeachta. Chímíodh go bhfuil an t-éileamh ar idirghníomhaíochtaí duine le duine leis an mbord, le foirne ceannaireachta sinsearaí agus leis an gcoiste ag dul i méid de réir mar a iarrann na cliant. Tá tairiscint curtha isteach againn agus d'éirigh linn an obair choimisiúnaithe a fháil ar fud go leor príomhearnálacha. Thacaigh an t-aonad freisin le seachadadh an chláir Teastas Gairmiúil i Rialachas i rith 2021. Lean an Fóram Pinsin ar aghaidh freisin i bhformáid fhíorúil in 2021 agus bhí freastail mhaith ar imeachtaí sainspéise.



## 05

# Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise

---



**Senan Healy**

Ceann Seirbhísí  
Leabharlainne & Faisnéise

## 05 Seirbhísí Leabharlainne & Faisnéise

### Is í an Foras an t-aon leabharlann speisialtóireachta sa tír atá tiomnaithe do riarachán poiblí.

Is í an fhís atá ag Leabharlann an IPA ná a bheith mar chuid lárnach dhílis de phobal an Fhorais, a chuireann ár n-úsáideoirí i dteagmháil leis an bhfaisnéis a theastaíonn uathu chun cabhrú leo a bheith rathúil. Tá sé mar aidhm ag an Leabharlann cultúr cleachtais agus cinnteoireachta atá bunaithe ar thaighde a chur chun cinn, seirbhísí solúbtha, soffreagracha d'ardchaighdeán a sholáthar atá ar aon dul le riachtanais ár gcustaiméirí, agus cuidiú le rath acadúil a chumasú trí scileanna riachtanacha litearthachta faisnéise a chothú. Is é príomh-mhisean na Leabharlainne rochtain ar an bhfaisnéis agus ar an taighde is fearr a chur ar fáil go tráthúil do mhic léinn, do bhaill foirne agus do bhaill an Fhorais, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid chuí chriticiúil eiticiúil na faisnéise.

Cuireann an Leabharlann, atá lonnaithe i mBóthar Lansdún, seirbhís iasachta, tagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, do bhaill foirne agus do bhaill an Fhorais. Cuirtear fáilte freisin roimh cheisteanna ó thaighdeoirí ar an bhfón nó ar ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, ríomhleabhair, irisí, bunachair sonraí leictreonacha, tuarascálacha, staidreamh agus foilseacháin oifigiúla i réimse ginearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo raon leathan ábhar, lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil. Dhaingnigh forbairt agus coimeád leanúnach bhailiúchán uathúil na Leabharlainne a seasamh mar acmhainn náisiúnta thábhachtach i réimse na bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí. In 2021 lean an Leabharlann uirthi ag forbairt a cuid bailiúchán ríomhleabhair, chun príomhthéacsanna a chur ar fáil do scoláirí ar líne tráth nárbh fhéidir rochtain 'phearsanta' a fháil ar an Leabharlann.

I mí Mheán Fómhair bhog an Leabharlann chuig córas nua bainistíochta leabharlainne darbh ainm Koha, ina raibh catalóg nua leabharlainne ar líne a cuireadh ar fáil do mhic léinn agus don bhfoireann. Tá an chatalóg ar líne barrfheabhsaithe do threalamh soghluaiste, rud a dhéanann an cuardach níos éasca do na mic léinn is cuma an ar ríomhaire glúine nó ar ghléas cliste atá siad. Áirítear leis

freisin gnéithe amhail brabhsáil ar sheif leabhar fíorúil, naisc chuig léirmheasanna ar leabhair ar líne agus soláthar irisí A - go - Z inchuadaithe a bhfuil Leabharlann an IPA cláraithe leis.

Is céim eile é an t-aistriú chuig Koha chun inrochtaineacht ar bhailiúchán Leabharlann an IPA a fheabhsú don bhfoireann agus do mhic léinn, agus tá tuilleadh forbairtí le teacht amach anseo.

Is é aidhm na Leabharlainne an t-eolas agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil san fhormáid is oiriúnaí agus ar bhealach tráthúil do réimse cliant atá éagsúil agus scaipthe go geografach. Bealai éagsúla cumarsáide a úsáideann an Leabharlann chun a seirbhísí a chur chun cinn. Soláthraíonn leabharlannaithe seisiúin treoshuimh do mhic léinn ag tús na bliana acadúla agus seisiúin eolais do mhic léinn aonair nó do ghrúpaí (ar líne agus go pearsanta) le linn na bliana. D'fhreastail na céadta mac léinn ar sheisiúin faisnéise ar líne nuair a dúnadh an Leabharlann le linn phaindeim Covid-19. Freastalaíonn an Ceann Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise ar sheisiúin eolais do mhic léinn atá ag tosú ar obair thaighde le haghaidh tráchtas agus cuireann sé/sí comhairle orthu maidir leis an gcúnamh leabharlainne atá ar fáil dóibh. Glacadh le Twitter mar phríomhardán na meán sóisialta chun teagmháil a dhéanamh le mic léinn IPA, leis an bpobal taighde seachtrach agus le leabharlanna eile.

Tá seomraí léitheoireachta ar fáil le haghaidh staidéir, le haghaidh leabhair a cheadú agus a fháil ar iasacht, agus le haghaidh rochtain a fháil ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le mic léinn leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne ar an nguthán, trí ríomhphost a sheoladh chuig webchat nó trí rochtain a fháil ar bhunachair sonraí leictreonacha agus ar na mílte alt dialainne lántéacs trí Moodle. Is féidir ábhair nach bhfuil sa Leabharlann a iarraidh tríd an tseirbhís iasachtaí idirleabharlainne agus is féidir míreanna a sheachadadh i gcóip chrua nó go leictreonach.

Le linn an téarma seo bíonn an Leabharlann ar oscailt ó 9.15 go dtí 9.15 a.m. 8.00 p.m., Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. Dé hAoine. Osclaíonn sé freisin ar bhonn teoranta ar an chuid is mó de Shathairn le linn an téarma. Tá faisnéis iomlán agus cothrom le dáta faoi uaireanta oscailte ar fáil ar láithreán gréasáin an IPA.



**06**

# Foilsitheoireacht

---



# 06

## Foilsitheoireacht



**An Dr John O'Neill**

Ceann Taighde,  
Foilsitheoireachta &  
Caidrimh Chorporáidigh

Nascann obair na Rannóige Foilseachán, mar chuid de Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker, le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais, agus cuireann sí bonn tábhachtach eolais agus faisnéise ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chleachtas an riaracháin phoiblí. Le linn na bliana 2021 ceapadh Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorporáidigh nua, an Dr John O'Neill, chun roinnt tionscadal a chur i gcrích agus tús a chur le roinnt tionscnamh nua foilsitheoireachta.


### Leabhair a Foilsíodh

De réir na straitéise foilsitheoireachta, arna maoirsiú ag Coiste Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais, rinneadh roinnt téacsanna a chríochnú nó a fhaomhadh lena bhfoilsíú. Áirítear orthu:

- *Achieving Impact in Public Service: Essays in Honour of Sylva Langford*, Dónal de Buitléir, éag. Frances Fitzgerald FPE a sheol an t-imleabhar seo a foilsíodh in ómós do ghairmréim iontach Sylva Langford sa tseirbhís phoiblí. Ba é buaicphointe a gairmréime a ceapachán mar an chéad Ard-Stiúrthóir ar an Oifig Leanaí agus Gnóthaí Óige. Aithnítear an méid atá bainte amach ag Sylva maidir le leas leanaí agus daoine óga in Éirinn i dtéacsanna a chuir údair aitheanta leis an imleabhar seo. Is é an toradh atá air sin ná sraith léargas fíor-speisiúil ar dhéanamh, ar mhúnú agus ar sheachadadh beartais phoiblí agus seirbhísí poiblí in Éirinn.
- *City and County Management in Ireland, 1929–2020*, le Richard Boyle agus Fergal O'Leary. Seoladh an leabhar seo ag dinnéar bliantúil Chumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach i mí na Samhna, agus cuimsíonn sé obair ó lucht acadúil agus ó chleachtóirí cáiliúla, a chuireann síos ar bhunús agus forbairt chóras bainistíochta an rialtais áitiúil agus a ról i bhforbairt áitiúil agus náisiúnta. Lena chois sin tugtar sa leabhar fócas ar leith ar an 172 duine aonair a bhí i seilbh oifig an bhainisteora cathrach agus contae (agus, ó 2014, an phríomhfheidhmeannaigh) ó 1929 go 2020. Tá cróineolaíocht san áireamh freisin a leagann béim ar fhorbairt i rialtas áitiúil thar an tréimhse a scrúdaiodh, chomh maith le leabharliosta a thugann forbheathnú ar an litríocht roghnaithe atá ar fáil ar rialtas áitiúil in Éirinn.

Foilsíodh roinnt tuarascálacha thar ceann Rannán Taighde an Fhorais freisin, lena n-áirítear:

- *Public Sector Trends 2021 [An tsraith State of the Public Service, Uimh. 27]* le Richard Boyle;
- *Leading the Local Response to Covid-19: The Role of Local Government* [An tsraith Local Government Research, Uimh. 20] le Laura Shannon agus Fergal O'Leary;
- *Water Governance in Ireland: Towards the Third-Cycle River Basin Management Plan, 2022–2027. Report on Proceedings of Key Stakeholder Workshops Held as Part of the EPA–IPA Water Governance Research Programme, Bealtaine 2021;*
- *Case Studies on Local Government Catchment Groups in Ireland, 2018–2020* le Micheál Ó Cinnéide, Joanna O'Riordan agus Richard Boyle;
- *An Fóram Uisce (The Water Forum) as an Example of Stakeholder Engagement in Governance* le Richard Boyle, Joanna O'Riordan, Laura Shannon agus Fergal O'Leary;
- trí eagrán de *Local Authority Times*.



Sa phictiúr ag seoladh leabhair nua de chuid an IPA dar teideal 'Achieving Impact in Public Service - Essays in Honour of Sylva Langford' bhí Frances Fitzgerald, FPE, aoi oinigh, agus Sylva Langford.



## 06 Foilsitheoireacht

### Ireland – a Directory

Tá an tEolaire ar an bhfód le sé bliana is caoga anuas agus meastar gurb é an bunachar sonraí is cuimsithí in Éirinn é ar eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tá thart ar 9,000 eagraíocht san áireamh san eagrán is déanaí, lena n-áirítear ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí deonacha, eagraíochtaí trádála agus gairmiúla, bainc cheannaíochta, gníomhaireachtaí fógraíochta, institiúidí tríú leibhéal, stáisiúin raidió neamhspleácha, na meáin agus institiúidí an AE. Tá an tEolaire ar fáil mar aip fóin nó aip deisce freisin. Sheol an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, TD, an tEolaire i mí na Nollag.

### Administration Journal

Foilsíodh ceithre eagrán d'iris na hInstitiúide, *Administration*, i rith na bliana. Tá gach eagrán agus alt ó imleabhar 63 ar aghaidh ar fáil saor in aisce ar líne:

<https://sciendo.com/journal/ADMIN>


### Athchlónna

Mar thoradh ar éileamh láidir ar go leor de na leabhair a d'fhoilsigh an IPA roimhe seo, rinneadh roinnt athchlónna i rith na bliana, lena n-áirítear:

- *Human Resource Management in Ireland* le Patrick Gunnigle, Noreen Heraty agus Michael J. Morley;
- *Modern Management: Theory and Practice for Students in Ireland* le Siobhán Tiernan agus Michael J. Morley;
- *Towards The Era of Lifelong Learning: A History of Irish Education 1800–2016* le John Coolahan.

### Comhairleoireacht Foilsitheoireachta

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag tairiscint a saineolais i dtáirgeadh agus i mbainistiú tionscadal foilsitheoireachta thar ceann eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí, lena n-áirítear an Irish Probation Journal, a táirgeadh thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Phromhaidh do Thuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh/Theas).



Peter Burke, Aire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, sa phictiúr leis an Dr John O'Neill, Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidrimh Chorpáraidigh ag an bhForas Riaracháin, ag seoladh 'City and County Management in Ireland, 1929–2020' ag ionad saoire Oileán Fota, Corcaigh.







## 07

# Airgeadas & Seirbhísí Corparáideacha

---

## 07

Airgeadas & Seirbhísí  
Corparáideacha

Tá spriocanna agus cuspóirí an Rannáin Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha ailínithe le **Straitéis Chorporáideach an IPA** agus glacann an rannán cur chuige comhpháirtíochta i ndáil le freastal ar éilimh na bpáirtithe leasmhara, idir inmheánach agus sheachtrach araon. Lean seachadadh seirbhísí Oideachais, Oiliúna agus Forbartha, Taighde agus Foilsitheoireachta an IPA ar aghaidh go rathúil le linn 2021, agus bhain dúshlán nár bheag leis an leanúnachas ghnó seo a éascú, laistigh de threoirilinte an rialtais indáil leis an bpaindéim Covid-19, do Rannán Seirbhísí Corparáideacha an IPA. Agus iad ag obair as láimh a chéile le comhghleacaithe ar fud an Fhorais, chinntigh foireann Airgeadais an IPA agus pearsanra na Seirbhísí Corparáideacha gur leanadh de spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach, agus gur sáraíodh iad, agus léirigh siad sármhaitheas agus tiomantas d'fhís agus do mhisean an IPA. Tugtar breac-chuntas thíos ar phríomhréimsí feidhmíochta den scoth ar fud an Rannáin Airgeadais agus na Seirbhísí Corparáideacha in 2021.

## Airgeadas

Léiríonn na Ráitis Airgeadais iniúchta le haghaidh 2021, a ghabhann leis an tuarascáil seo, barrachas, fás leanúnach ar na cúlchistí agus leachtacht mharthanach. Tá an fheidhmíocht den scoth seo an-tábhachtach agus is fiú aitheantas ar leith a thabhairt di, i bhfianaise na rioscaí maidir le leanúnachas gnó a bhaineann le srianta na paidéime Covid-19 a luadh cheana féin.

Lean an fhoireann Airgeadais uirthi ag cur feabhsuithe ar phróisis chun cinn agus á gcur i bhfeidhm ar fud na cuntasáiochta bainistíochta, párolla, suimeanna inioctha agus suimeanna infhaighte. Chríochnaigh sí tionscadal domhain ar infháiltais in éineacht le comhghleacaithe i rannóg Oideachais an IPA. Rinneadh tuilleadh forbairtí a leabú in Centros, ár FMS, chun freagairt do cheanglais rialála de réir mar a mhol Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Leanadh ar aghaidh le hathbhreithnithe agus measúnuithe ar ár dtimpeallacht rialaithe i rith na bliana, lena n-áirítear athbhreithnithe iniúchta inmheánacha agus seachtracha.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

In 2020 d'éiligh leanúnachas gnó ar an IPA bogadh chuig samhail ghnó Oideachais agus Oiliúna ar líne d'fhonn cloí le treoirilinte an rialtais ag teacht na srianta paidéime i mí an Mhárta. D'éirigh le foireann TFC an IPA, agus i ag obair le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta, réitigh an bhonneagair teicneolaíoch a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an trasfhoirmiú seo a chur i gcrích ó thaobh cúrsaí digiteacha agus cúrsaí gnó de. Le linn na bliana 2021 leanadh leis an tsamhail ghnó nua ar líne agus aistríodh an fócas chuig foghlaim atá cumasaithe ag an teicneolaíocht. Chuir sé seo an-chuid deiseanna do thrasfhoirmiú digiteach ar fáil don bhfoireann TFC, agus i gcaitheamh 2021

d'oibrigh an fhoireann go dícheallach chun tacú leis an IPA maidir lena haschuir an-rathúil don bhliain.

I measc na mbuaicphointí tá:

- Aithníodh cibearbhagairtí ar leanúnachas gnó nialais mar gheall ar mhaolú riosca a d'éirigh leis agus infheistíocht shuntasach in acmhainní daonna agus airgeadais ar fud gach gné den chibearshlándáil agus de shlándáil sonraí, lena n-áirítear ceapachán Bainisteoir Cibearshlándála agus Slándála Faisnéise;
- Fíordheimhniú prótacail ilfhachtóirí a chur i bhfeidhm;
- Ascnamh ó Moodle go Néal (MS Azure);
- Cuireadh tús le tionscadal Ascnaimh Office 365;
- Tionscadal bonneagair dhigitigh arna dhearadh, arna sheachadadh agus curtha chun feidhme go rathúil;
- Tacaítear le thart ar 71,000 uair an chloig de sheachadadh digiteach ar fud MS Teams, Panopto, Zoom, Webex agus GTW;
- Cuireadh oiliúint cibearshlándála agus slándáil faisnéise don bhfoireann i bhfeidhm go rathúil in 2021 agus léirigh feachtas fiosaiceachta tástála ina dhiaidh sin méadú ar chibearfheasacht i measc fhoireann IPA.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair

Lean dea-chuntas teiste an IPA ó 2020 ar aghaidh, gan aon ráigeanna Covid-19 a bhain le hoibríochtaí gnó ag áitreabh an IPA in 2021. Chuir foireann saoráidí an IPA gach prótacal Covid-19 de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm agus rinne siad iad a bhainistiú go han-éifeachtach. Bhí gach pearsanra IPA a d'fhreastail ar an láithreán chun críocha gnó riachtanach gafa le gach prótacal sláinte agus sábháilteachta agus chloigh siad leo.



Noreen Fahy FCCA

Stiúrthóir, Airgeadas & Seirbhísí Corparáideacha

## Saoráidí agus Eastáit

Leanadh den infheistíocht i gclár inbhuanaitheachta an IPA agus baineadh amach spriocanna náisiúnta na hEanála Poiblí um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Chuir an Fhoireann Áiseanna, a cumasaíodh mar thoradh ar deireadh a bheith curtha ag an rialtas le srianta, tús le gnóthaí trí athbheochan an Bhoird agus ghlac siad leis an bplean athchóirithe cóiríochta agus d'atosaigh siad an t-uasghrádú beartaithe ar oifigí agus spásanna oibre ar fud an Fhorais.

## Iniúchadh agus Rialachas

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí airgeadais, cánachais agus rialála le linn 2021, agus lean Bord an IPA air ag déanamh maoirseachta arn éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ar fud an Fhorais.

Chun nádúr tromchúiseach na paidéime a léiriú, agus go sonrach na rioscaí féideartha i dtaobh leanúnachais ghnó, lean an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí lena chóras tuairiscithe feabhsaithe um rioscaí chuig bord an IPA agus an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca le linn na paidéime.

Lean Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an IPA air ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm *Phlean Iniúchta Inmheánaigh Straitéiseach* an IPA le linn 2021, rud a chuir go dearfach leis na socrúithe um dhearbhu ar fud na heagraíochta.

## Ionchais Airgeadais do 2022

Léiríonn feidhmíocht leathbhliantúil 2022 feidhmíocht dhearfach airgeadais do 2022 agus tugann réamhaisnéis ar an mbonn seo le fios go mbeidh an toradh deiridh le haghaidh 2022 dearfach. Mar a admhaíonn Bord an IPA go leanúnach, tá sé sin amhlaidh de bharr tiomantas, díograis agus solúbthacht bhainistíochta agus fhoireann an IPA soláthar na seirbhísí Oiliúna agus Oideachais a choinneáil i samhail oibre atá go hiomlán ar líne agus cianda, gan ach an méid is lú is féidir cuir isteach ar an tsairbhís. Leanann bainistíocht agus foireann IPA ag pleanáil do na himeachtaí éagsúla den tsamhail ghnó hibrídeach a léireoidh an domhan tar éis na paidéime, agus tá tásca airgeadais do 2022 fós an-dearfach ag an bpointe seo.

Fanann blocdheontas an Fhorais ag € 2.725m do 2022 (mar a bhí in 2021). Tacaíocht dhearfach é seo ón máthair-roinn. Ghlac Bord an IPA le buiséad 2022, a dhéanann láimhdeachas €12.618m a thuar le barrachas buiséid €65 míle.

**08**

## Searmanais Bronnta

---





# 08

## Searmanais Bronnta

Tharla searmanais bronnata IPA 2021 níos déanaí ná mar is gnách mar gheall ar chúiseanna sláinte poiblí. Reáchtáladh na searmanais ag The Printworks, Caisleán Bhaile Átha Cliath, an 8 Aibreán 2022. Bronnadh teastais agus dioplómaí gairme, céimeanna baitsiléara nó iarchéimeanna ar 1,003 mhac léinn san iomlán. De bhreis ar na searmanais bronnata bronnadh teastais fochéime ar 689 mac léinn eile de bharr staidéir a rinne siad in 2020/1. Seo a leanas na duaiseanna a bronnadh ag na searmanais seo:

### Dámhachtainí larchéime

#### Máistir Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

An chéad áit: Adrian Dorr

#### Máistir Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An chéad áit: Margaret Triggs

#### Máistir Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Alan Kerin

#### Máistir Ealaíon (Ceannaireacht & Straitéis)

An chéad áit: Niamh Cooper

#### Máistir Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An chéad áit: Declan Dolan

#### Máistir Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An chéad áit: Lydia Furlong

#### Máistir Eolaíochta in Eacnamaíocht in Anailís Beartais

An chéad áit: Kerry Curran

#### Máistir Eolaíochta i nGnó & i mBainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An chéad áit: Cillian Browne

#### Máistir Eolaíochta i nGnó & i mBainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Kieran Walsh

### Dámhachtainí an Dioplóma larchéime

#### Dioplóma larchéime in Anailís Bheartais

An chéad áit: Alan O'Connor

#### Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí

An chéad áit le chéile: Sarah Flynn, Susan Gillen

### Dámhachtainí an Teastais Ghairmiúil larchéime

#### Teastas Gairmiúil i Rialachas (trí ghrúpa cláir)

An chéad áit le chéile: Donncha Maguire, Leonie Vesey, Janet Flynn, Dervla Howlet

#### Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker Mac Léinn larchéime na Blána 2021

Niamh Cooper

### Dámhachtainí Fochéime

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An chéad áit: Bernadette Crowe

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit le chéile: Lorraine Crawford,  
Elizabeth Glennon

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF) & BBS (Bainistíocht IS)

An chéad áit: Declan Cahill

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán an Cheartais)

An chéad áit: Anne Byrne

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil) & Faighteoir Dhámhachtain Bhliantúil Ghnóthachtála Acadúla Chomhairle Contae Chorcaí

Linda Maher

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)

An chéad áit: Luda Connolly

#### Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)

An chéad áit: Margaret Bell

#### Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht)

An chéad áit: Deborah Kelly

#### Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Niamh Carroll

#### Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)

An chéad áit: Christie Kandiwa

#### Mac Léinn Fochéime na Bliana 2021, Scoil Rialtais & Bainistíochta Whitaker

An chéad áit: Deborah Kelly

#### Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí

An chéad áit: Colm Farrell

### Dámhachtainí an Dioplóma Ghairmiúil Fochéime

#### An Dioplóma Gairmiúil san Eacnamaíocht Sláinte

An chéad áit: Emer Sheridan

#### Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

An chéad áit: Sarah Kennedy

#### An Dioplóma Gairmiúil i gCearta an Duine & Comhionannas

An chéad áit: Jennifer Warren

#### Dioplóma Gairmiúil i gCaidrimh Tionscail & Fostaíochta

An chéad áit: Martin Cuffe

#### Dioplóma Gairmiúil i mBainistiú Athruithe

An chéad áit: Michelle Tritschler

#### Dioplóma Gairmiúil i mBainistíocht Tionscadail

An chéad áit: Wayne Liggett

#### Dioplóma Gairmiúil i Soláthar Poiblí

An chéad áit: Marian Regan

#### Dioplóma Gairmiúil i Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí

An chéad áit: Justine Barrett

### Dámhachtainí Dioplóma Fochéime

#### Dioplóma i Staidéar Gnó

An chéad áit: Jennifer Coen

#### Dioplóma sa Státseirbhís & i Staidéar Gníomhaireachta Stáit

An chéad áit: Eugene Shiels

#### Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta

An chéad áit: David Rafferty

#### Dioplóma i mBainistíocht Cúram Sláinte

An chéad áit: Rachel Diesta

#### Dioplóma i mBeartas Seirbhísí Sláinte

An chéad áit: Niall Sinnott

#### Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

An chéad áit: Lee Gregson

#### Dioplóma sa Dlí

An chéad áit: John Goldrick

#### Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

An chéad áit le chéile: Florence O'Sullivan,  
Cian Rohan

#### Dioplóma i mBainistíocht

An chéad áit: Terje Nolan

#### Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí

An chéad áit: Aisling Donoghue

**09**

# For-rochtain

---



# 09

## For-rochtain

**Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is í an Foras an comhlacht atá tiomanta do ghairm na seirbhíse poiblí a fhorbairt. Dá bhrí sin, lorgaítear saineolas a fhoirne go leanúnach ar bhealaí eile seachas trí sheirbhísí a sholáthar go díreach.**

I gcaitheamh na mblianta, ainmníodh, agus comhthoghadh, baill foirne speisialaithe IPA ar réimse bord, ar chomhlachtaí rialaithe agus coistí laistigh den stát agus den earnáil phoiblí i gcoitinne mar bhaill neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin agus mar chathaoirligh. Lean na ról seo ar aghaidh in 2021 agus áiríodh ar na poist seo a bheith ar choistí iniúchta agus riosca laistigh de rialtas lárnach agus áitiúil, agus ar choistí comhlachtaí rialála agus stáit agus gníomhaireachta.

Chuidigh foireann an IPA leis an obair ar *Our Public Service 2020* Public Service Management Group. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de roinnt líonraí cinn scoileanna agus institiúidí riaracháin poiblí Eorpacha agus ECFE ar fud an domhain.

Éascaíonn an Foras roinnt líonraí neamhfhoirmiúla d'fhonn dea-chleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra de phríomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra de cheannairí riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirligh ar ghrúpaí éagsúla san earnáil phoiblí.

Le linn 2021 d'óstáil an Foras roinnt seimineár chun idirphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus seirbhíseach poiblí ar ábhair ríthábhachtacha.

# 10

## Bainistíocht Shinsearach an Fhorais

---

# 10

## Bainistíocht Shinsearach an Fhorais



**An Dr Marian O'Sullivan**

An tArdstiúrthóir

[mosullivan@ipa.ie](mailto:mosullivan@ipa.ie)



**An Dr Michael Mulreany**

Ard-Stiúrthóir Cúnta,  
Oideachas agus Taighde

[mmulreany@ipa.ie](mailto:mmulreany@ipa.ie)



**Noreen Fahy**

Stiúrthóir, Airgeadas agus  
Seirbhísí Corparáideacha

[nfahy@ipa.ie](mailto:nfahy@ipa.ie)



**Teresa Casserly**

Stiúrthóir, Forbairt Gnó,  
Ceannaireacht agus Bainistíocht,  
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta

[tcasserly@ipa.ie](mailto:tcasserly@ipa.ie)



**Aidan Horan**

Stiúrthóir, Rialachas, Airgeadas,  
Bainistíocht Acmhainní Daonna,  
Teicneolaíocht Faisnéise/  
Bainistíocht Tionscadal agus  
Údarás Áitiúil

[ahoran@ipa.ie](mailto:ahoran@ipa.ie)



**An Dr John O'Neill**

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta  
& Caidrimh Chorparáidigh

[joneill@ipa.ie](mailto:joneill@ipa.ie)



**Christine McNally**

Stiúrthóir Eatramhach,  
Acmhainní Daonna

[cmcnally@ipa.ie](mailto:cmcnally@ipa.ie)